



Córas Iompair Éireann

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2008



Ag Tiomáint na hInfheistíochta

Ráiteas an Chathaoirligh	3	Príomhpholasaithe Cuntasaíochta	25
Athbhreithniú na nOibríochtaí	8	Cuntas Brabúis agus Cailteanais Comhdhlúite	28
Struchtúr an Ghrúpa	17	Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána	29
Comhaltaí an Bhoird agus Bainistíocht an Ghrúpa	18	Clár Comhardaithe Comhdhlúite	30
Ráiteas Rialachais Chorparáidigh	20	Clár Comhardaithe na Cuideachta	31
Ráiteas Faoi Fhreagrachtaí an Bhoird	22	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite	32
Tuarascáil na nIníochóirí Neamhspleách		Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	33
Chuig an Aire Iompair	23		



Ba mhaith le hlarnród Éireann aitheantas a thabhairt don maoiniú a rinne Rialtas na hÉireann do mhórhionscadail faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus Iompar 21 agus don chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

Dearadh: firstimpression



transport21
progress in motion



Ní féidir CIÉ agus a fhochuideachtaí a chosaint ó éifeachtaí an mheathlathithe gheilleagraigh. I 2008 chonaiceamar an cor chun donais suntasach san fhás geilleagrach domhanda a raibh tionchar iarmhartach aige ar fheidhmiú gheilleagar na hÉireann. Bhí droch-thionchar aige seo ar fheidhmiú ár gcuideachtaí oibríochta.

Mar thoradh ar na tionchair dhiúltacha seo, thit an fás geilleagrach intíre i dtéarmaí na fíor-olltáirgeachta náisiúnta (OTN) thart ar 2.8%. Mar sin tháinig meathlú geilleagrach ar Éireann i 2008, agus thit an t-éileamh a bhí ar earraí agus ar sheirbhísí (lena n-áirítear iompar poiblí) ar fud an gheilleagair ar fad.

Líon na bPaisinéirí

Tá ról ag na cuideachtaí i soláthar iompair poiblí i gcónaí. Tháinig ardú 18.9 milliún ar líon na bpaisinéirí a thaisteal ar bhusanna idir 2000 agus 2008, agus tháinig ardú 11.6 milliún ar líon na bpaisinéirí iarnróid sa tréimhse chéanna. Tháinig ardú 30.5 milliún ar líon foriomlán aistear paisinéirí i ngrúpa CIÉ le hocht mbliana anuas.

Baineadh amach na harduithe seo i dtimpeallacht níos iomaíche, agus léiríonn siad cé chomh maith is a d'éirigh le forbairt na conaire bus cáilíochta, le seirbhísí comaitéara feabhsaithe inár gcathracha agus inár réigiúin, agus le caighdeán feabhsaithe ár gcabhlach bus agus traenach.

Infheistíocht i mBusanna agus Traenacha Nua

Le deich mbliana anuas rinneadh infheistíocht gan fasach i gcabhlach agus i mbonneagar nua faoi na Pleananna Forbartha Náisiúnta éagsúla. Má leantar leis an infheistíocht seo faoi iompar 21 beidh seirbhísí bus agus iarnróid CIÉ ábalta freastal ar éileamh ardaithe paisinéara nuair a neartóidh an gheilleagar arís.

Cé go raibh tionchar díreach ag an meath tobann i ngeilleagar na hÉireann ar an éileamh atá ann dár seirbhísí, rinne gach ceann dár gcuideachtaí bearta tréana le linn 2008 chun ár n-acmhainní a chur in oiriúint ionas go bhfreastalóidís ar na leibhéil nua éilimh a bhí ann. Leanfaidh an próiseas seo san am atá díreach romhainn agus muid ag déanamh monatóireachta leanúnaí ar na margáí éagsúla agus ag baint feidhme as ár seirbhísí dá réir.

Seasmhacht Airgeadais don Todhchaí

Mar fhiontar Stáit tráchtála, cuirimid seirbhísí ar fáil i gcomhar le hiocaíochtaí na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí, a riarann an Stát, agus tá freagracht reachtúil orainn a chinntiú go bhfuil an chuideachta cobhsaí ó thaobh airgeadais de, agus ag cinntiú go seachadtar na seirbhísí is fearr is féidir dár gcustaiméirí.



Is mar gheall air seo a d'fhógraíomar ár bpleananna chun costais a shábháil go luath i 2009, pleananna a léiríonn go díreach na hathruithe atá ann maidir le héileamh in áit an mhargaidh, agus a bhfuil sí mar aidhm acu an éifeacht a bheidh ar phaisinéirí a fósaghdú.

Déanfaimid laghdúithe i líon na gcabhlach bus, idir chabhlaigh náisiúnta agus chabhlaigh Bhaile Átha Cliath a chothromú ar bhealach a bheidh tuisceanach do gach cuid den phobal agus cinnteoidimid seirbhís ar ardchaighdeán a bheidh chomh héifeachtach agus is féidir.

Ag an am céanna, tá na bearta seo rithábhachtach lena chinntiú go mbeidh ár gcuideachtaí bus láidir, ó thaobh airgeadais de, chun freastal go tapa ar éileamh ardaithe, ar phobail atá ag leathnú agus ar riachtanais iompair shaoránaigh uile an Stáit.

Ina theannta sin, ní mór aibhsiú a dhéanamh ar an bhfíric nuair atá tagarmharcáil á dhéanamh ar ár gcuideachtaí bus agus iarnróid i gcomparáid le hoibríochtaí Eorpacha eile, go léirítear ar bhonn comhsheasmhach go gcuirimid seirbhísí ar fáil atá éifeachtach, sábháilte agus ar ardchaighdeán le fóirdheontais a mheastar a bheith íseal go leor de réir caighdeán idirnáisiúnta agus táillí atá íseal go maith i gcomparáid le tíortha eile.

Athbhreithniú Costais agus Éifeachtúlachta

Rinne Deloitte, TAS agus Buchanan athbhreithniú costais agus éifeachtúlachta ar Bhus Átha Cliath agus ar Bhus Éireann i rith na bliana agus cé gur thugadar dea-thuairisc faoi Bhus Átha Cliath agus faoi Bhus Éireann araon, aithníodh roinnt feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh agus táthar ag díriú orthu siúd faoi láthair. Dúradh mar achoimre ar an tuarascáil: "Léiríonn tagarmharcáil ar bhonn costais gach cuideachta go bhfuil siad chomh héifeachtach le heagraíochtaí eile dá leithéid ar an iomlán". Cuireann CIÉ fáilte roimh an tuarascáil seo agus rachaidh sé i mbun oibre ar na moltaí atá ann.

Farasbarr taifeadta don Ghrúpa


Braitheann an t-éileamh atá ar iompar poiblí ar fhás geilleagrach agus feictear go bhfuil comhchoibhneas ar-ard idir an t-éileamh sin agus méid na miondíolachán. Chomh luath le Feabhra 2008 bhí comharthaí ann nach raibh an t-éileamh a bhí ar ár seirbhísí iarnróid agus bus chomh láidir is a bhí sa tréimhse chéanna i 2007. Thug an

bhainistíocht inár bhfochuideachtaí oibríochta faoi deara go tapa go raibh meath ag teacht ar an ngeilleagar. De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh dhoimhneadh déine an mheathlaith gheilleagraigh, thit an t-innéacs díolacháin tomhaltais go han-tapa, agus mar thoradh air sin chuaigh an t-éileamh a bhí ar iompar poiblí i laghad.

Tháinig laghdú 4.5% ar mhéid na miondíolachán don bhliain iomlán i gcomparáid le 2007, is é sin an titim is mó bliain-ar-bhliain ó 1982 i leith, de réir an Phríomh-Oifig Staidrimh. Tháinig titim 2.8% ar líon na dturas paisinéirí i nGrúpa CIÉ i gcaitheamh na bliana, rud a léiríonn go raibh níos lú daoine ag obair, níos lú daoine ag siopadóireacht agus níos lú daoine ag tabhairt faoi thurais lánroghnacha.

Mar sin féin, in ainneoin na titime i líon na bpaisinéirí, táimid sásta go raibh farasbarr de €10.2 milliún ag an nGrúpa iomlán i 2008.

Turais Phaisinéirí Ghrúpa CIÉ 2004-2008



Bhí easnamh €0.2 milliún i bhfigiúirí Iarnród Éireann (easnamh €19.1 milliún nuair a cuireadh costais eisceachtúla san áireamh); bhí easnamh €14.9 milliún ag Bus Átha Cliath; agus easnamh €6.1 milliún ag Bus Éireann (easnamh €8.1 milliún nuair a cuireadh costais eisceachtúla san áireamh). Ba cheart feidhmíocht Bus Átha Cliath agus Bus Éireann a mheas i gcomhthéacs na héifeachta a bhíonn ag traglaim thrácht, rud a chuireann costas de bhreis is €80 milliún in aghaidh na bliana ar na cuideachtaí bus, de réir tuarascáil neamhspleách.


Iarnród Éireann

D'fhan líon na gcustaiméirí iarnróid ar aghaidh níos airde ná mar a tharla in earnálacha eile den gheilleagar le laghdú 4.8% i líon na bpaisinéirí, 43.3 milliún i 2008 i gcomparáid le 45.5 milliún i 2007. Leanann an infheistíocht gan fasach a rinneadh faoi chlár Iompar 21

de chuid an Rialtais i dtraenacha agus rianta nua ag coimeád ioncam agus líon na gcustaiméirí ag leibhéal shásúla in ainneoin an chor chun donais sa gheilleagar.

Ba í seo an bhliain inar éirigh le paisinéirí traenach leas a bhaint as an infheistíocht ba mhó a rinneadh in Iarnród na hÉireann le 100 bliain anuas. Chuidigh traenacha nua, minicíocht níos airde agus amadóireacht níos fearr chun an dul chun cinn feabhsaithe a choimeád sa tsúil i ndiaidh tréimhse deich mbliana inar fhás líon na bpaisinéirí a thaisteal ar líonra Iarnród Éireann 36%.

Turais Phaisinéirí Iarnród Éireann 2004-2008



Le linn na bliana lean Iarnród Éireann ar aghaidh le cabhlach úrnua de 183 rálchairs IdirChathrach (ICRanna) a chur ar fáil, rud a rinne nua-aoisiú ó bhun ar sheirbhís traenach idir Baile Átha Cliath agus Sligeach, Cathair na

Mart, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge chomh maith le idir Corcaigh agus Trá Lí. Tugadh isteach na rálchairs IdirChathrach nua seo ar na línte comaitéara seachtracha i gceantar Bhaile Átha Cliath chomh maith.

Chomh maith leis seo osclaíodh stáisiúin nua i bPáirc an Fhionnuisce, Cluain Dolcáin, Cnoc an Fhuaráin agus i bPáirc Ghnó na Páirce Thiar, agus thosaigh mór-oibreacha ar bhealaí Dhún Búinne, Mainistir na Corann agus ar bhealaí Conaire Iarnród an Iarthair.

Tugadh an dara Clár Sábháilteachta Iarnród (2004 - 2008) chun críche le linn na bliana agus mar thoradh ar an gclár seo tháinig feabhas ar an mbonneagar fisiciúil, rudaí ar nós deireadh a chur le crosairí comhréidhe a d'fhéadfadh a bheith guaiseach, forbairt chóras bhainistíochta shábháilteachta, oiliúint ar shábháilteacht agus tionscnaimh le haghaidh forbairt leanúnach cultúir láidir shábháilteachta in Iarnród Éireann. Léirigh an tuarascáil iniúchóra a rinne comhairleoirí coimisiúnaithe ón Roinn Iompair, go raibh an clár go maith ó thaobh luach ar airgead de, gur chuir sé na tionscadail infheistíochta ar fáil agus gur bhain sé amach na cuspóirí a leagadh síos don chlár agus mhol an tuarascáil gur cheart tabhairt faoi chlár 5-bliana eile ó 2009 - 2013.



Bhí bliain mhaith eile ag Europort Ros Láir, an ceathrú calafort is mó sa Stát, agus an dara calafort is mó san earnáil phríomha RORO, in ainneoin na leibhéal thráchtá a bheith níos ísle. Thosaigh dhá sheirbhís nua loingseoireachta seachtainiúla ó Ros Láir le déanaí; ceann go Zeebrugge/Rotterdam agus ceann go LeHarve. Thosaigh oibreacha i dtreo deireadh na bliana 2008 chun gléas nua a chur in ionad an Berth 2 Linkspan sa chalafort.

Bhí comhdhlúthú leanúnach i bhfeidhmiú an lasta i rith 2008. Mar thoradh ar na cláir choigiltis costais agus na cuíchóirithe gnó a cuireadh i bhfeidhm le 4 bliana anuas bhí cailteanas €0.8 milliún ar Lastas i 2008 i gcomparáid le cailteanas €13.9 milliún i 2003.

Bus Átha Cliath

Is é Bus Átha Cliath an príomhsholáthraí iompair phoiblí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i gcónaí, le rochtain ag níos mó ná 93% den daonra ar a chuid seirbhísí agus roghnaíonn 70% den daonra a úsáideann iompar poiblí an bus mar chóir iompair. Bhí líon iomlán turas paisinéirí don bhliain ag 143.5 milliún, síos 4.0 milliún (2.7%) i gcomparáid le 2007, rud atá mar thoradh ar an meathlú geilleagrach.

Tá glan-chailteanas €14.9m mar thoradh airgeadais don bhliain ag Bus Átha Cliath. Léirigh ioncaim de €203.7 milliún don bhliain go raibh méadú €3.3 milliún ann (1.6%) ar 2007.

Lean uasghrádú ar chabhach Bhaile Átha Cliath ar aghaidh i rith na bliana le hordú i gcomhair 100 bus, agus seachadadh an chuid is mó díobh siúd faoi dheireadh na bliana.

Chomhoibrigh Bus Átha Cliath agus Oifig an Ghréasáin Bus Cáilíochta i dteannta a chéile i rith na bliana chun tosaíocht bhus a chur chun cinn mórthimpeall na cathrach le Conairí Bus Cáilíochta (QBCanna) nua agus chun uasghrádú a dhéanamh ar na cinn atá ann cheana féin i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta chomh maith chun inrochtaineacht a fheabhsú agus tá urlár íseal atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí sna busanna nua ar fad a cheannaítear. Faoi láthair tá urlár íseal atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí ag 78% den chabhach agus bainfear amach an sprioc cabhlach inrochtana go hiomlán a bheith ann faoi cheann na bliana 2012.

I samhradh 2008 thug Bus Átha Cliath ticéadú cárta cliste isteach, tá gléasanna léitheora feistithe sa chabhach iomlán anois agus tá an próiseas cártaí cliste réamh-íoctha a thabhairt isteach faoi lán seoil anois, chun dul in ionad an sean-teicneolaíocht ina n-úsáidí stiall mhaighnéadach.

Bus Éireann

Thuairiscigh Bus Éireann easnamh oibríochta de €6.1 milliún agus easnamh €8.1 milliún nuair a cuireadh costais eisceachtúla san áireamh do 2008, i gcomparáid le farasbarr de €6.9 milliún i 2007 mar thoradh ar fhachtóirí lena n-áirítear, fo-mhaoiniú ar sheirbhísí PSO, cor chun donais sa gheilleagar a chúisigh laghdú i líon na bpaisinéirí a bhí ag úsáid na seirbhísí, chomh maith le hardú i gcostais breosla agus an lacáiste breosla a cailleadh.

Cé go bhfuil titim i líon na bpaisinéirí sa timpeallacht gheilleagrach atá ann faoi láthair, d'éirigh le Bus Éireann 93.9 milliún paisinéir a iompar i 2008 i gcomparáid le 95.7 milliún i 2007, le sásamh na gcustaiméirí ag dul suas ó 90% i 2007 go 95% i 2008

Rinneadh dian-scrúdú ar choigiltis chaiteachais féideartha i 2008 agus rinneadh athbhreithniú go leanúnach ar spriocanna athbhreithnithe ag tabhairt an timpeallacht gheilleagrach san áireamh i gcónaí.

CIE Tours International

D'fheidhmigh CIE Tours International go brabúsach i rith 2008, in ainneoin na coinníollacha trádála a bhí an-deacair sa tionscal turasoireachta. I gcaitheamh na bliana d'iompar CIE Tours International 46,350 paisinéir, a ghin ioncaim iomlán de €49.4 milliún, laghdú 13.5% ar leibhéal 2007. Chuir CIE Tours pleán chun costais a shábháil i bhfeidhm chun coigiltis a bhaint amach i 2009 agus as sin amach.

Maoin Ghrúpa

Bhí an bhliain is fearr fós ag Rannán Maoine Ghrúpa CIÉ i 2008 tar éis €66.7 milliún a fháil ó mhaoin bharrachais a dhíol, a gineadh go príomha ó árasáin a dhíol i nDuga Spencer i mBaile Átha Cliath chomh maith le hioncam as suímh i Sráid na Mainistreach agus i Sráid Uí Chonaill. Bhí brabús €14 milliún ar ioncam cíosa, suas 20% ar an mbliain roimhe.

Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

Thaifead gnó Fógraíochta Amuigh faoin Aer de chuid CIÉ, lena n-áirítear gach suíomh seasta agus gluaiستهach bus agus iarnróid, méadú ioncaim 6.4% i gcomparáid le 2007.

Buíochais

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, an tUas. Noel Dempsey T.D. as ucht a chuid tacaíochta i rith na bliana, agus mo bhuíochas a ghabháil le hoifigigh na Roinne Iompair as ucht a gcuid cabhrach chomh maith.

Táim buíoch don Rialtas chomh maith, agus don Taoiseach agus don Aire Airgeadais go háirithe, as ucht na mór-thionscadail infheistíochta atá faoi bhun faoi láthair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus as ucht an tiomantas a tugadh don Phlean Iompar 21 a fógraíodh i mí na Samhna 2005, atá, agus a bheidh, rithábhachtach maidir le feabhsú ar an iompar poiblí in Éirinn.

Tá an Bord fíor bhuíoch chomh maith as ucht an cômhaoiniú de chuid Ciste Struchtúrtha an AE a fuarthas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh, na baill foirne, de chuid cuideachtaí Ghrúpa CIÉ as ucht a n-iarrachtaí leanúnacha i rith na bliana.

Chuaigh an tUas. John Sorohan ar scor ón mBord ar an 1ú Márta, 2008. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis as ucht an méid a rinne sé ar son CIÉ agus é mar bhall den Bhord. Bhíomar an-sásta fáilte ar ais a chur roimh Mary Canniffe Uas., an tUas. Paul Kiely, an tUas. Neil Ormond, agus an tOll. Yvonne Scannell a ceapadh chuig an Bord don athuair ar an 29ú Aibreán, 2008. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh an tUas. Graham Lightfoot agus an tUas. Seamus Sheerin a ceapadh chuig an Bord ar an dáta sin chomh maith, agus an ball is déanaí, an tUas. Dermot Killen a ceapadh ar an 19ú Bealtaine, 2009.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill eile ar fad atá ar an mBord chomh maith le stiúrthóirí fochuideachtaí uile an Bhoird don chabhair agus don tacaíocht leanúnach a thug said domsa go pearsanta agus as ucht a gcuid ama a thabhairt chun freastal ar na Boird agus ar na coistí agus na grúpaí comhairleacha rithábhachtacha atá ann laistigh de Ghrúpa CIÉ.

An Dr. J. J. Lynch
Cathaoirleach




Torthaí an Ghrúpa

Léiríonn na torthaí oibríochta do ghrúpa CIÉ don bhliain 2008 Easnamh de €7.6 milliún sula gcuirtear coigeartú an FRS 17 san áireamh. Tar éis na riachtanais atá ag Caighdeán Cuntasaíochta FRS 17 – Cuntasaíocht do Shochair Scoir a thabhairt san áireamh, is é €10.2 milliún an farasbarr do 2008 i gcomparáid le €28.2 milliún i 2007. Léiríonn an tábla seo a leanas torthaí na n-oibríochtaí le haghaidh 2008:

	2008 €M	2007 €M
Ioncam	789.1	785.5
Íocaíochtaí Deontais Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Deontas Sábháilteachta Iarnróid	321.1	320.2
Iomlán	1,110.2	1,105.7
Costais a bhaineann le párolla	(624.1)	(573.5)
Costais oibríochta eile	(521.0)	(485.3)
Costais airgeadais	1.1	(0.1)
Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inlámhsithe	69.5	8.1
Iomlán	(1,074.5)	(1,050.8)
Farasbarr roimh Costais Eisceachtúla agus coigeartuithe FRS 17	35.7	54.9
Costais Eisceachtúla	(43.3)	(19.5)
Farasbarr roimh choigeartuithe costais pinsean FRS 17	(7.6)	35.4
Coigeartuithe costais na bpinsean FRS 17	17.8	(7.2)
Farasbarr oibríochta lena n-áirítear coigeartuithe costais pinsean FRS 17	10.2	28.2


An príomh-chúis a bhí leis an meath sa táirgeacht ná laghdú ar ioncam (líon na bpaisinéirí) i rith na bliana mar gheall ar an gcor chun donais ginearálta sa gheilleagar (leibhéal dífhostaíochta níos airde, neamh-náisiúnaigh ag fágáil, moilliú sa bhfoirgníocht agus laghdú i gcaitheamh lánroghnach). Bhí fóirdheontais ón Státchiste €12 milliún níos ísle ná mar a bhí súil leis agus bhí costas €4 milliún ag dul leis an Lacáiste Dleachta Máil a chur ar ceal ón 1ú Samhain, 2008.

Ioncam an Ghrúpa 2003-2008



Léiríonn na híocaíochtaí deontais Stát na hOibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) agus na híocaíochtaí deontais Sábháilteachta Iarnróid de €321.1 milliún méadú 0.3% ar 2007 agus €12.5 milliún (2007 - €13.6 milliún) a bhí ar an deontas Sábháilteachta Iarnróid as sin. Sa bhreis air seo, fuair an Grúpa maoiniú Státchiste de €599.3 milliún le haghaidh caiteachas caipitiúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) agus €1.5 milliún i ndeontais taca ioncaim chomhdhlúite sochair agus dochair don bhliain. Ba é €725.7 milliún (2007 - €566.6 milliún) an méid a bhí ar infheistíocht ghrúpa i sócmhainní seasta sa bhliain 2008.

Infheistíocht an Ghrúpa i Sócmhainní Seasta 2004-2008



Cuideachtaí an Ghrúpa

Tá sain-athbhreithnuithe na n-oibríochtaí do Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann le fáil i dTuarscáil Bhliantúil ar leith de chuid gach cuideachta.

Iarnród Éireann

Bhí easnamh €0.2 milliún ag Iarnród Éireann sula cuireadh míreanna eisceachtúla san áireamh don bhliain dar críoch 31ú Nollaig, 2008. Nuair a chuirtear costais eisceachtúla de €18.9 milliún in iocaíochtaí téarfa deonacha san áireamh an toradh atá ann ná easnamh €19.1 milliún i gcomparáid leis an bhfarasbarr €13.4 milliún i 2007.

Bhí laghdú 5% ar líon na bpaisinéirí, 43.3 milliún i 2008 i gcomparáid le 45.5 milliún i 2007. Mar gheall ar an infheistíocht gan fasach a rinneadh faoi scéim Iompar 21 an Rialtais i dtraenacha agus i mbonneagar nua, áfach, leanann ioncam agus líon paisinéirí Iarnród Éireann ag leibhéal shásúla, in ainneoin an chor chun donais sa gheilleagar. Le deich mbliana anuas tháinig méadú 36% ar líon na bpaisinéirí a thaistealaíonn ar líonra Iarnród Éireann.

Sheas an bhliain seo amach chomh maith toisc gur tugadh isteach cabhlach úrnua de 183 rálcharr IdirChathrach (ICRanna) ar bhonn céimneach, a úsáidfear in ionad na sean-traenacha ar fad nuair a chomhlíonfar an tionscadal agus sócúlacht agus poncúlacht na 21ú haoise a thabhairt do na custaiméirí iarnróid ar fad ar bhealaí Shligeach, Cathair na Mart, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge i dtreo agus amach ó Bhaile Átha Cliath chomh maith le idir Corcaigh agus Trá Lí. Tugadh isteach na rálchairr IdirChathrach nua seo ar na línte comaitéara seachtracha i gceantar Bhaile Átha Cliath chomh maith..

Bhain poncúlacht na seirbhísí traenach paisinéirí amach na spriocanna a leagadh síos dóibh i 2008 ar gach bealach le sárú 3.4% ar an meán-spríoc poncúlachta ar réimse IdirChathrach.

IdirChathrach (Spríoc 90% 0-10 nóiméad)

Bealach	% Meán Bhliantúil 2008
Corcaigh	93.5
Luimneach	94.9
An Ghailimh	92.3
Port Láirge	95.2
Sligeach	95.6
Cathair na Mart	94.1
Trá Lí	91.2
Ros Láir	93.9
Béal Feirste	89.7

Seirbhísí Nua/Feabhsaithe

Tugadh isteach seirbhís chomaitéara tráthnóna laethúil nua do Ghuaire ar an 6ú Bealtaine, 2008 chomh maith le seirbhís laethúil nua idir An tAonach agus Luimneach ar an 1ú Meán Fómhair agus seirbhís nua déanach sa tráthnóna go Port Laoise ar an 3ú Samhain, 2008.



Comhlíonadh athchomharthú ar líne Loch Garman i rith na bliana ar chostas €15.8 milliún, ag tabhairt méid iomlán na hinfeistíochta ar bhealach Ros Láir go níos mó na €85 milliún ó 2000 i leith. Mhaoinigh an rialtas agus an AE na cláir seo trí lompar 21 agus trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Rinneadh mór-oibreacha chun feabhas a chur ar líne chomaitéara Corcaigh-Cóbh i rith na bliana lena n-áirítear uasghrádú ar 11 ardán i 6 stáisiún ar an mbealach, oibreacha um chosaint chósta, cosaint ó sciorradh talún, príomh-phióbán uisce a shuiteáil do Chomhairle Contae Chorcaí agus ceartuithe comharthaíochta chun éascú a dhéanamh ar ath-oscailt líne iarnróid Corcaigh-Mainistir na Corann.

Rinneadh tástálacha ar Charráistí Suaimhnis ar-an-traein i mbliana ar na traenacha IdirChathrach Baile Átha Cliath – Corcaigh áit a ainmníodh carráiste amháin mar áit nach n-úsáidí aon trealamh éisteachta/soghluaiste. Taispeánann aiseolas ó chustaiméirí go bhfuil leibhéil arda tacaíochta ann don tionscnamh seo.

Ticéadú

Tháinig ardú suntasach ar dhíolachán ticéid ar líne i 2008 le díolachán ar thicéid chomaitéireachta um shábháil cánach ag tabhairt isteach €17 milliún sa bhliain. Bhí ardú 40% ar an mbliain roimhe ar shuíocháin a chur in áirithe ar líne chomh maith.

Leanann díolachán ticéad ó uath-mheaisíní díola ticéad (ATVM) ar aghaidh ag fás mar chuid de mhéid iomlán na ndíolacháin ticéad le díolacháin chomhréireacha ag stáisiún DART ag ardú ó 31% i 2006 go 41% i 2008.

Carrchlóis

Rinneadh dul chun cinn maith leis an gclár um fheabhsú carrchlóis ag stáisiúin ar fud an líonra. Ionas go mbeadh cúnamh airgeadais éigin ann chun na feabhsuithe seo a bhaint amach ar na háiseanna páirceála, agus an pobal nach bhfuil ag taisteal a dhímholadh maidir leis na carrchlóis a úsáid, tosaigh rolladh amach ar tháillí carrchlóis ag stáisiúin ar an 15ú Meán Fómhair, 2008.

Inrochtaineacht

Tá Plean Eanála um lompar Inrochtana san áireamh san Acht um Míchumais 2005. Tá na traenacha nua agus na stáisiúin nua ar fad á ndearadh le bheith inrochtana go hiomlán agus tá inrochtaineacht á cur san áireamh i ndearadh gach foirgneamh stáisiúin atá á athchóiriú. Comhlíonadh oibreacha inrochtana ag stáisiúin

bhruachbhailteacha éagsúla i mBaile Átha Cliath i 2008 chomh maith le Port Laoise, Durlas, Baile Uí Bhróithe, Gabhal Luimnigh, Cúil an tSúdaire, An Teampall Mór agus Mala.

Forbairtí

Leanadh ar aghaidh ag cur tionscadail faoi chlár lompar 21 de chuid an Rialtais i bhfeidhm in am agus de réir an bhuiséid i rith na bliana, faoi mar a chuirimid na bloic thógála in áit le haghaidh iarnród don 21ú aois a mhéadóidh líon na ndaoine ag úsáid an iarnróid ón 43 milliún turas in aghaidh na bliana atá anois ann go 100 milliún turas in aghaidh na bliana nuair a bheidh sé críochnaithe. Na príomh-fhorbairtí atá ann ná:

- Tionscadal Bhealach Chill Dara: Leagadh síos níos mó ná 90% de na dé-rianta idir Inse Chór agus Collchoill faoi dheireadh na bliana 2008. Nuair a bheidh siad críochnaithe i 2010 beidh an acmhainneacht ar an líne don chóras cheithre rian suas ón 11,000 paisinéir in aghaidh an lae, mar atá inniu, go níos mó ná 36,000 in aghaidh an lae i ngach treo.
- Osclaíodh dhá stáisiún nua in iardheisceart Bhaile Átha Cliath i rith na bliana; i gCluain Dolcáin/Cnoc an Fhuaráin agus sa Pháirc Thiar/Gort na Silíní.
- Osclaíodh an tríú stáisiún nua a fhreastalaíonn ar an bhforbairt nua ag Ráschúrsa Pháirc an Fhionnuisce i mí Eanáir 2008.
- Rinneadh dul chun cinn maith ar Thionscadal Iarnróid Comaitéara Corcaigh-Mainistir na Corann: le níos mó ná 30% den rian iomlán ar an mbealach á chur síos i 2008.
- Tugadh cead pleanála le haghaidh Líne Chomaitéara Dhún Búinne i rith na bliana agus tosaíodh ar an líne a thógáil i mí na Nollag 2008. Osclaíodh an líne seo idir Dún Búinne agus Cluain Saileach ag nascadh le Líne Mhá Nuad-Baile Átha Cliath le haghaidh seirbhísí i 2010.
- Conair Iarnróid an Iarthair: Ag deireadh 2008, bhí 43km de rian nua in áit ar an gcéim reatha den tionscadal seo chun Inis a nascadh le Baile Átha an Rí agus cead a thabhairt chun seirbhísí traenacha a thabhairt isteach arís idir Gaillimh agus Luimneach. Tosóidh seirbhísí ar an mbealach idir Gaillimh agus Luimneach i 2009.

- Cheadaigh an tAire Iompair ordú breise le haghaidh 51 ráilcharr IdirChathrach i Nollaig 2008. Soláthróidh an t-ordú seo traenacha do bhealaí comaitéara Chill Dara agus Dún Búinne i 2011.
- Cuireadh na pleananna don phríomh-Idirnascaire DART Faoi Thalamh, a sholáthróidh nasc le gach líne isteach go Baile Átha Cliath, ar taispeáint don phobal i mí Lúnasa 2008. DART faoi thalamh a bheidh sa líne seo le suas le cúig stáisiún thar an 5.2km ar fad atá aige.

Tá an rialtas agus an AE ag tabhairt maoiniú do na cláir trí lompár 21 agus trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Bus Átha Cliath

Easnamh glan de €14.9m atá ann mar toradh don bhliain. Bhí ioncaim don bhliain de €203.7 milliún suas €3.3 milliún (1.6%) ar an mbliain roimhe. B'ionann líon na dturas paisinéirí i 2008 agus 143.5 milliún, a bhí síos 4 milliún (2.7%) ar 2007.

Uasghrádú Cabhlaigh

Mar chuid den chlár leanúnach chun cabhlaigh a athsholáthar, seachadadh 74 bus dhá stór le hurlár íseal agus tosaíodh á n-úsáid i rith 2008, le 26 bus breise

seachadta go luath i 2009, a chinntíonn go leanann an meán-aois atá ag cabhlach Bhus Átha Cliath de bheith ag sé bliana. Maoiníodh na ceannacháin seo le cúnamh ó Chlár Infheistíochta Iompar 21 de chuid an Rialtais.

Tosaíocht Mhéadaithe

Bhí Bus Átha Cliath agus oifig an Ghréasáin Bus Cáilíochta ag obair le chéile chun beartú tosaíochta bus a bhaint amach thart timpeall na cathrach le Conairí Bus Cáilíochta (QBCanna) nua a thabhairt isteach go leanúnach agus uasghrádú a dhéanamh ar na conairí atá ann cheana féin i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Comhlíonadh QBCanna ag Sráid an Phiarsaigh, Cluain Dolcáin Theas, Bóthar an Náis, Bóthar Chill Mochuda Uachtarach, na Céanna Thuaidh agus Bóthar na Carraige. Cheadaíonn na QBCanna seo do bhusanna na brúnna tráchta a sheachaint, rud a chiallaíonn laghdú sa mhéid ama a thógann sé aistir a dhéanamh agus níos mó iontaofachta sna seirbhísí bus.

Rochtain do Chách

Tá Bus Átha Cliath tiomanta inrochtaineacht a fheabhsú agus tá urlár íseal atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí ag na busanna nua ar fad a cheannaítear. Faoi láthair tá urlár íseal atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí ag 78% den chabhlach agus bainfeadh amach an sprioc chun cabhlach atá inrochtana go hiomlán a bheith ann faoi



cheann 2012. Tá 39% de na stadanna bus oiriúnach do chathaoireacha rothaí faoi láthair le colbha inrochtaineachta suiteáilte a ardaíonn leibhéal an chosáin, rud a chiallaíonn go bhfuil sé i bhfad níos fusa dul ar an mbus.

Láthair Oibre Sábháilte

Tá Sláinte agus Sábháilteacht an phobail agus na baille foirne mar phríomh-thosaíocht ag Bus Átha Cliath i gcónaí agus tá sé an-tábhachtach mar chuid de thiomantas na cuideachta seirbhís iompair poiblí sábháilte agus iontaofa a chur ar fáil do bhaille foirne agus don phobal i gcoitinne. Tá an teicneolaíocht CCTV is nua-aimseartha atá ar fáil suiteáilte sa chabhlach iomlán agus áirítear córas taifeadta digiteach ar-bord leis seo, ceann amháin de na bearta a gabhadh de láimh lena chinntiú go leanann Bus Átha Cliath ag freastal ar an tiomantas seo.

Ciallaíonn reachtaíocht nua a tháinig isteach i Meán Fómhair 2008 go bhfuil sé éigeantach go mbeadh Deimhniú Inniúlachta Proifisiúnta ag gach ball foirne de chuid Bus Átha Cliath a thiomáineann bus. Is é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a eisíonn na deimhniúcháin seo agus chun cáilíocht a fháil caithfidh gach tiománaí PSV agus HGV ar a laghad 35 uair an chloig d'oilíúint shábháilteachta athnuachana a dhéanamh thar tréimhse cúig bliana. Bhí líon na dtimpistí bóthar 7% níos ísle i 2008 ná mar a bhí i 2007, cé gur clúdaíodh míleáiste níos airde.

Athchóiriú um Fhaisnéis Seirbhíse

Thosaigh Bus Átha Cliath le ollchóiriú ar struchtúr na stadanna bus i 2008, ag cur amchláir athdheartha agus léarscáil bhealaigh líneacha ar fáil a thaispeánann treo agus na ceantair a ndéanann gach bealach a fhreastalaíonn ar an stad sin freastal orthu, rud a cheadaíonn do na custaiméirí na hagaí feithimh is lú is féidir a oibriú amach. Tá struchtúr nua léarscáilithe á fhorbairt chomh maith a bhfuil sé de chumas aige an líonra iompar poiblí iomlán a léiriú mar léarscáil líneach nó mar 'dhamhán-mhapa', ag taispeáint na príomh-phointí acomhail (le bus, iarnród agus LUAS). Beidh dréacht den dearadh deireanach réidh go luath i 2009. Táthar tar éis feabhsú a dhéanamh ar sofheictheacht na stadanna bus le comharthaí níos mó atá deartha chun luí isteach le dearthaí na scáthlánaí bus, atá in oiriúint leis na caighdeáin inrochtaineachta is airde.

Suíomh Gréasáin Nua

Le linn 2008 lean obair ar aghaidh ar fhorbairt shuíomh gréasáin nua do Bhus Átha Cliath (www.dublinbus.ie) a

chuaigh beo i mí Márta 2009 agus soláthraíonn sé seo bealach an-éasca do chustaiméirí chun líonra Bhus Átha Cliath a thuiscint agus an bealach ceart agus an ticéad ceart a roghnú. San am céanna leis an suíomh gréasáin nua, forbraíodh córas foilsithe do chlár ama ionas gur féidir nuashonrú láithreach a dhéanamh ar chlár ama thar gach iompróir eolais.

Rogha Malartach Níos Glaise

Tá an athsholáthar leanúnach ar chabhlach Bhus Átha Cliath freagrach as laghdúithe suntasacha in astuithe as an gcabhlach faoi mar a dhéantar athsholáthar ar na feithicilí is sine a bhfuil na leibhéil astuithe is airde acu. Bhí gach feithicil a tugadh isteach sa chabhlach le linn 2008 ar chaighdeán Euro 4 agus ionchorpraíonn siad teicneolaíocht Laghdú Catalaíoch Roghnaíoch a dhéanann laghdú suntasach ar NOX agus ar thruailleáin eile.

Fuair Bus Átha Cliath a chéad bhus hibrideach i Nollaig 2008. Tháinig an bus, a bhfuil dhá stór aige agus urlár íseal atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, isteach sa seirbhís le haghaidh tréimhse thástála 3 bliana. Tá réimse buntáistí ag an bhfeithicil seo ar mhúnlaí bus traidisiúnta lena n-áirítear; ídiú breosla laghdaithe, laghdú in astuithe truailléin agus laghdú ar an torann a dhéanann an inneall.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta chun astuithe a laghdú trí leanúint de bheith suas chun dáta leis na teicneolaíochtaí nua i réimse an bhithbhreosla agus línte tiomána comhroghnacha.

Cárta cliste

Tá meaisíní léitheora do na cártaí cliste suiteáilte i ngach bus atá mar chuid de chabhlach Bhus Átha Cliath anois, agus tá an próiseas cártaí cliste réamh-íochta á thabhairt isteach, chun dul in ionad an sean-teicneolaíocht ina n-úsáidí stiall mhaighnéadach, faoi lán tseoil anois. Leis an stíl nua ticéad tá iontaofacht agus éifeachtúlacht níos airde i gceist agus bíonn sé níos gasta dul ar bord. Tá réimse leathan de na cineálacha éagsúla ticéad athraithe anois go formáid na gcártaí cliste, a rachaidh i lánpháirtíocht leis an Scéim Ticéadaithe Comhtháite nuair a seolfar é.

Freagracht Shóisialta Chorporáideach

Toisc gurb é an soláthraí iompar poiblí is mó i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath é Bus Átha Cliath, tá páirt dhílis aige sna pobail éagsúla a dhéanann suas a bhonn custaiméirí. Ba é Clár Tacaíochta Pobail (CSP) na bliana seo an clár is mó agus is rathúla i stair an chlár. Agus é ina chúigiú bliain anois, bunaíodh an CSP chun cúnaimh a

thabhairt do ghrúpaí agus eagraíochtaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath nach n-aithnítear a gcuid oibre lasmuigh de chiorcal na ndaoine a gcabhraíonn siad leo. Go dtí seo bhain níos mó na 900 grúpa ó phobail mórthimpeall ar Bhaile Átha Cliath tairbhe as deontais a fuairadar ón gclár.

Bus Éireann

Bhí easnamh oibríochta €6.1 milliún ag Bus Éireann do 2008 sular cuireadh na costais eisceachtúla de €2.0 milliún san áireamh ón bhfíneáil a íocadh leis an gcúirt bainteach leis an timpiste a tharla ag Baile an Cheantaigh. Easnamh €8.1 milliún is ea an toradh nuair a cuireadh costais eisceachtúla san áireamh, i gcomparáid le farasbarr €6.9 milliún i 2007.

Tá roinnt mhaith tosca a chur le meathlúchán airgeadais na cuideachta le linn 2008, lena n-áirítear tearc-mhaoiniú ar sheirbhísí PSO, an cor chun donais eacnamaíoch a chúisigh laghdú i líon na bpaisinéirí a úsáideann an tseirbhís, ardú i gcostais bhreosla agus an lacáiste breosla a cailleadh.

Líonra Comhtháite:

Leanann an líonra comhtháite atá ag Bus Éireann le seirbhísí Expressway, comaitéara, tuaithe agus cathracha ar aghaidh mar cheann de na príomh-láidreachtaí atá ag an gcuideachta i 2008 ag ligean do chustaiméirí seirbhísí

Bus Éireann a úsáid chun taisteal chuig agus amach ó cheantair thuaithe go bailte agus cathracha thart timpeall na tíre agus leanúint ar aghaidh go roinnt mhaith suímh eile.

Sásamh Custaiméara:

Cé go bhfuil titim i líon na bpaisinéirí sa timpeallacht gheilleagrach atá againn faoi láthair; d'éirigh le Bus Éireann 93.9 milliún paisinéir a iompar i 2008, síos 1.9% ar 2007, le sásamh na gcustaiméirí ag ardú ó 90% i 2007 go 95% i 2008.

Lean suíomh gréasáin Bus Éireann www.buseireann.ie ar aghaidh mar acmhainn a raibh móréileamh uirthi don phobail taistil le níos mó ná 200,000 cuairt aonair i rith na míosa ar an meán chuig an suíomh i rith 2008, méadú 30% ar 2007, a chiallaíonn go bhfuil suíomh gréasáin Bus Éireann fós mar cheann den deich suíomh Éireannach is mó cuairte. Chuir torthaí ar iniúchadh neamhspleách in iúl go bhfuair 43% de chustaiméirí Bus Éireann eolas faoin seirbhís ar líne agus gur úsáid a lán daoine an seirbhís chun ticéid a cheannach agus chun rochtain a fháil ar an bpleanálaí aistir a léiríonn conas is féidir ceangail ar aghaidh a dhéanamh ag úsáid líonra comhtháite Bus Éireann.



Nuachóiriú Cabhlaigh €71 milliún

Lean an clár nuachóirithe cabhlaigh i rith na bliana faoi lompár 21 agus is iad seo a leanas na feabhsuithe a baineadh amach:

- Níos mó ná 150 bus inrochtana nua tugtha isteach sa seirbhís i 2008 le 65 bus breise seolta go luath i 2009. Le 18 mí anuas, thóg Bus Éireann seachadtaí de 239 bus agus cóiste nua tar éis infheistíocht thart ar €71 milliún.
- Cuireadh 60 cóiste Expressway breise leis an gcabhlach i rith na bliana chomh maith, arna mhaoiniú ag acmhainní na cuideachta féin.
- Ciallaíonn na feabhsuithe seo go gcloíonn 40% de chabhlach Bus Éireann le caighdeáin astuithe innill an AE, a chuaigh i dtreo laghdú mór in astuithe carbóin na cuideachta.
- I mbliana tugadh isteach na chéad cóistí comaitéara inrochtana dhá stór i bPoblacht na hÉireann, busanna curtha in oiriúint do chathaoirí rothaí do chabhlach na cathrach agus do chabhlaigh comaitéara araon, busanna dhá stór do sheirbhísí chathair Chorcaí, agus nuachóiriú ar na cabhlaigh i bPort Láirge, Gaillimh, Luimneach agus iarthuaisceart na tíre.

Le déanaí thosaigh Bus Éireann ag feidhmiú an chéad cheann dá chóistí nua comaitéara ardsonraithe, dhá stór le toilleadh ard ar bhealaí an 109A Baile Átha Cliath-An Uaimh-An Cabhán agus an 111 Baile Átha Cliath-Baile Átha Buí-Gránard. Le maoiniú faighte faoi lompár 21, tá suíocháin paisinéara leath-leathair le taca-cinn, aerchóiriú, CCTV il-cheamara agus inrochtaineacht do chathaoirí rothaí sna cóistí.

Éileamh Méadaithe

In ainneoin an chor chun donais eacnamaíoch bhí éileamh méadaithe le haghaidh seirbhísí chuig an tuaisceart agus chuig an iarthuaisceart agus thug Bus Éireann isteach sé imeacht breise ar bhealach Expressway Baile Átha Cliath-Dún na nGall, a fhreastalaíonn ar Aerfort Bhaile Átha Cliath chomh maith, agus bhí méadú 35% ar líon na bpaisinéirí dá bharr: Áirítear an seirbhís ard-mhnicíochta 109A ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí An Uaimh trí Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an 10A i gcathair Chorcaí a fhreastalaíonn ar Mhachain agus an 16 a fhreastalaíonn ar Chnoc Uí Chléirigh i measc seirbhísí nua a tugadh isteach i rith na bliana. Tugadh isteach seirbhísí breise ar bhealaigh Baile Átha Cliath-Doire, Port Láirge-Luimneach agus Béal an Átha-Gaillimh chomh maith.

Teicneolaíocht

Stiúr Bus Éireann a thástáil tosaigh ar theicneolaíocht an Chórais Uath-Láithrithe Feithicil (AVL) déanach i 2008. Ligfidh an teicneolaíocht nua seo do chustaiméirí rochtain a fháil ar eolas fíor-ama faoi bhusanna isteach agus ar imeachtaí do bhealaigh éagsúla ag úsáid suíomh gréasáin Bus Éireann nó an scáileáin a thaispeánann na busanna isteach ag Busáras. Sa bhreis air seo suiteáladh an córas AVL i ngach feithicil paisinéara bóthar, rud a chiallaíonn feabhas ar theicneolaíocht chumarsáide ar-bord agus aláraim le cumarsáid dhíreach idir an tiománaí agus an stáisiún lasta chun feabhas a chur ar shlándáil an tiománaí agus an chustaiméara.

Inrochtaineacht

I rith 2008 faoi lompár 21 agus clár uasghrádaithe cabhlach Bus Éireann, le feithicilí nua tugtha isteach sa chabhlach, bhí urlár íseal atá oiriúnach do chathaoirí rothaí ag gach bus i gcabhlach cathrach Bus Éireann, a bhí chun cinn ar sprioc na Roinne Iompair. Thosaigh treoirscéim ar chóistí inrochtana le ardaitheoirí cathaoirí rothaí ar dhá bhealach, An Uaimh go Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Port Láirge go Corcaigh. Leanfaidh na tástálacha seo i 2009. Cuireadh sain-oiliúint ar fáil do na tiománaithe a oibríonn ar na bealaí seo le bheith in ann an tseirbhís a oibriú.

An príomh-dhúshlán atá ann ná a chinntiú go bhfuil go leor áiseanna agus go leor spáis ag stadanna bus chun úsáid shábháilte an ardaitheora cathaoirí rothaí ar chóistí a chinntiú, agus tá údarais áitiúla ag déanamh gach iarracht dul chun cinn a dhéanamh maidir leis seo. Thosaigh Grúpa Oibre Stadanna Bus, inar áiríodh Bus Éireann, ag obair ar theimpléad le haghaidh dearadh ar stadanna bus a bheadh oiriúnach do chathaoirí rothaí i 2008.

Beara Tosaíochta Bus

Tá droch-éifeacht suntasach ag brúnna tráchta fós ar chostas agus ar iontaofacht sheirbhísí Bus Éireann. Tá bearta cosúil leis na Bealaí Glasa agus na Conairí Bus Cáilíochta rithábhachtach chun an bus a dheighilt amach ó bhrúnna tráchta agus iontaofacht agus tarraingteacht iompar poiblí don phobail a fheabhsú dá bharr. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i 2008 maidir le bearta tosaíochta bus i ngach ceann de na príomh-chathracha.

Uasghráduithe Garáiste

Thosaigh tógáil ar gharáiste bus nua do chabhlach Bus Éireann sa Ghailimh i 2008 agus comhlíonfar i 2009 í.

Iompar Scoile

Le 210 seirbhís nua tugtha isteach i 2008, tháinig ardú 60% ón mbliain 2,000 ar líon na bhfeithiclí a úsáideadh chun páistí scoile a iompar faoi Scéim Iompair Scoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, le beagnach 4,000 feithicil in úsáid anois gach lá scoile. Tugann páistí atá ag taisteal faoin Scéim Iompair Scoile faoi níos mó ná 45 milliún turas gach bliain.

Féilte & Imeachtaí

Chuir Bus Éireann cóistí ar fáil chuig agus ó chuid de na féilte agus na himeachtaí is mó sa tír le linn 2008, lena n-áirítear; Oxegen i mBaile Phúinse, Electric Picnic sa Sráidbhaile, Westlife sa Ghaillimh, an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta i gCill Chainnigh agus Féile Jazz Chorcaí.

Thástáil Bus Éireann seirbhísí Páirceála & Taistil go Páirc an Chrócaigh ó thailte CLG An Náis le linn Craobhchluichí Peile agus Iománaíochta na hÉireann i 2008 agus bhí an-rath ar na seirbhísí sin.

Arís d'iompar Bus Éireann an méid is mó daoine fós chuig agus ó Rásaíocht Chapall na Gaillimhe.

CIE Tours International

Lean CIE Tours International le brabús a ghineadh le linn 2008, in ainneoin na coinníollacha trádála a bhí an-deacair laistigh den tionscal turasóireachta. I gcaitheamh na bliana


d'iompar CIE Tours International 46,350 paisinéir, a ghin ioncam €49.4 milliún in iomlán, laghdú 13.5% ar leibhéal 2007. Bhí an-tionchar ag an cor chun donais geilleagrach ar an earnáil turasóireachta cosúil le go leor earnálacha eile.

Maoin Ghrúpa

Bhí an bhliain is fearr fós ag Rannán Maoine Ghrúpa CIÉ i 2008 leis na torthaí is airde fós ó thaobh díolacháin agus ioncam cíosa de. Fuarthas €66.7 milliún ó mhaoin a dhíol, a gineadh go príomha ó árasáin a dhíol i nDuga Spencer i mBaile Átha Cliath (díolachán árasáin), suíomh ar Shráid na Mainistreach (comhaontú forbartha) agus Sráid Uí Chonaill (comhaontú rogha). Bhí ioncam cíosa ag an méid is airde riamh chomh maith ag €17.4 milliún, méadú 16.3% ar an mbliain 2007.

Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

Thaifead Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN), atá freagrach as bainistiú agus forbairt a dhéanamh ar ghnó Fógraíochta Amuigh faoin Aer de chuid CIÉ, lena n-áirítear gach suíomh seasta agus gluaisteach bus agus iarnróid, méadú ioncain de 6.4% i gcomparáid le 2007.



Saincheisteanna Corparáide

Fostaíocht

Ba é 11,848 meán-líon na ndaoine fostaithe ag Grúpa CIÉ ag deireadh 2008– méadú de 147 ar 2007.

Rannpháirtíocht Foirne

Aithníonn CIÉ a fhoireann mar an príomh-sócmhainn atá aige. An polasaí Grúpa atá aige ná chun uasmhéadú a dhéanamh ar an sócmhainn seo trí chultúr rannpháirtíoch agus obair bhuíne a spreagadh. Spreagtar fostaithe le páirt a ghlacadh in imeachtaí an Ghrúpa a eagrú trí pháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, meithleacha oibre agus tionscadail atá dírithe ar chustaiméirí. Tá ceithre stiúrthóir oibre ar Bhord CIÉ.

Comhdheiseanna

Leanann an Grúpa le comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre, do gach grúpa atá clúdaithe ag reachtaíocht chomhionannais, trína Oifigigh Comhionannais. Coimeádtar réimse na dtionscadal um Chothromaíocht Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa faoi athbhreithniú leanúnach. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le héagsúlacht eagraíochtaí seachtracha i bhforbairt a chuid cleachtais agus gnáthaimh m.sh. trí bheith mar bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC.

Inrochtaineacht

Tá caidreamh gníomhach ann le heagraíochtaí dóibh siúd le fadhbanna maolghluaiste chun tosaíochtaí a bhunú chun feithiclí, oifigí agus stáisiúin a sholáthar.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn CIÉ a chuid freagrachta maidir le comhlíonadh a chinntiú le forálacha na Rialachán CE (Íocaíocht Mall in Idirbhearta Tráchtála) 2002, i ngach ngné ábhartha. An polasaí íocaíochta a bhí ann tríd an Ghrúpa iomlán i 2008 ná cloí le riachtanais an rialacháin.

Polasaí an tSoláthair

Tá Polasaí an tSoláthair de chuid Grúpa CIÉ i bhfeidhm chun cinntiú a dhéanamh ar chomhlíonadh Treoracha Fónais agus Soláthair Poiblí an AE, mar aon le polasaithe an Rialtais agus an Bhoird. Go suntasach cuireadh na soláthairtí uile os cionn an tairsí cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iriseán an AE iad nuair a bhí amhail oiriúnach.

Rioscaí Príomha

Déileálann Grúpa CIÉ leis na rioscaí príomha do ghnóthaí i roinnt slite éagsúla lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht mar atá mínithe thuas. Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí clár riosca agus déantar é a uasghrádú go féiltiúil leis na rioscaí agus pleananna gníomhaíochta éagsúla chun dul i ngleic leo seo. Téann Iarnród Éireann, ar a shon féin agus thar ceann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, i mbun conarthaí Malartú Tráchtarra le haghaidh breosla. Tugann CIÉ faoi cheannachán tosaigh airgeadra sa chás go mheasann sé go bhfuil luach agus riosca laghdaithe don Ghrúpa.

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a chuireann iompar poiblí ar thalamh ar fáil laistigh de Phoblacht na hÉireann. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtais na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Tá cuideachta shealbháíochta an Ghrúpa eagraithe i gcúig fhochuideachtaí oibríochta, dhá aonad gnó agus fo-sholáthraithe seirbhísí. Idir eatarthu soláthraíonn siad seirbhísí do:

- Taisteal paisinéirí iarnróid
- Carraeireacht lastas iarnróid
- Taisteal bus cathrach, idirchathrach, tuaithe agus bus scoile
- Carraeireacht lastas bóthair
- Bainistíocht na gcalaí
- Turais imeachta/laethanta saoire
- Réadmhaoine
- Fosheirbhísí: Bainistíocht tionscadail; Dlithiúil; Bainistíocht Árachais/Dliteanais; Seirbhísí TF agus Telecom.

Cuirtear treoir, rialú agus comhordú straitéiseach foriomlán ar fáil ag an gcuideachta shealbháíochta cé go bhfuil ardleibhéal uathriail oibríochta ag gach fochuideachta agus aonad gnó.



Córas Iompair Éireann

CIE Tours International Inc.
Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)
Rannán Maoine CIÉ
Bainistíocht Árachais/Dliteanais
Teicneolaíocht Faisnéise
Seirbhísí Dlithiúla

Iarnród Éireann

IdirChathrach
Fo-uirbeach
Cian-chomaitéireacht
Lastas Iarnróid
Lastas Bóthair
Calafort Ros Láir



Bus Éireann

Luasbhealach
Seirbhísí Tuaithe
Seirbhísí Cathrach Tuaithe
Seirbhísí Bus Scoile
Fruilliú Príobháideach



Bus Átha Cliath

Seirbhísí Cathrach
Xpresso
Nitelink
Airlink
City Tours
Fruilliú Príobháideach

Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina gcomhaltaí Boird ag tráth ar bith le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig, 2008 leagtha amach thíos. Mura bhfuil a mhalairt léirithe bhíodar mar chomhaltaí den Bhord don bhliain iomlán.

An Dr. J. J. Lynch	Cathaoirleach Feidhmiúcháin
M. Canniffe Usual	(Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal P. Cullen*	
An tUasal D. Killen	(Ceaptha 19 Bealtaine, 2009)
M. Johnston Usual*	
An tUasal P. Kiely	(Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal G. Lightfoot	(Ceaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal B. McCamley*	
An tUasal J. Moloney*	
An tUasal N. Ormond	(Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
Oll. Y. Scannell	(Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal S. Sheerin	(Ceaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal J. Sorohan	(D'éirigh as 1 Márta, 2008)

* Comhalta Oibrí

Rúnaí an Bhoird

G. Finucane Uasal,
Stáisiún Heuston,
Baile Átha Cliath 8.
Teileafón + 353 1 703 2008
Facsimile + 353 1 703 2276

Coistí Boird amhail an 2 Meán Fómhair, 2009

Coiste Iniúchta

Paul Kiely	Cathaoirleach (Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
Mary Canniffe	(Athcheaptha 29 Aibreán, 2008, D'éirigh as 5 Feabhra, 2009)
Neil Ormond	(Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
John Sorohan	(D'éirigh as 1 Márta, 2008)

2 folúntas

An Coiste Airgeadais

Paul Kiely	Cathaoirleach (Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
Neil Ormond	(Ceaptha 4 Meitheamh, 2008)
Seamus Sheerin	(Ceaptha 4 Meitheamh, 2008)
John Sorohan	(D'éirigh as 1 Márta, 2008)

1 folúntas

Coiste Luach Saothair

Paul Kiely	Cathaoirleach (Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
Mary Canniffe	(Ceaptha 1 Deireadh Fómhair, 2008, D'éirigh as 5 Feabhra, 2009)
An Dr. J. J. Lynch	
John Sorohan	(D'éirigh as 1 Márta, 2008)

1 folúntas

An Coiste Maoine

Neil Ormond	Cathaoirleach (Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
Mary Johnston	
Graham Lightfoot	(Ceaptha 3 Meitheamh, 2009)
Yvonne Scannell	(Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)



Bainistíocht an Ghrúpa

An tUasal R. Connolly	An Príomh Oifigeach Airgeadais
An tUasal D. Fearn	An Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann
An tUasal T. Hayes	An Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann
An tUasal J. Meagher	An Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath
An tUasal B. Stack	An Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International

Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus Iníúchóirí Cláraithe,
hAon Dug Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

Aturnae

An tUasal M. Carroll,
Teach Bridgewater,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

An Príomhbhaincээр

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

Leis an gCód Cleachtas do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, leagtar amach na prionsabail de rialachas corparáideach a bhíonn sé de dhualgas ar Chomhlachtaí Stáit glacadh leo. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus le forálacha an Chóid Chleachtais.

An Bord

Tá an Bord comhdhéanta de dhá chomhalta déag. Ceapann an Rialtas an Cathaoirleach agus seachtar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin eil. Ceapann an tAire Iompair ceathrar comhaltaí ar oibríthe iad do théarma ceithre bliana i ndiaidh toghcháin de chuid foirne an Ghrúpa.

Buaileann an Bord lena chéile go míosúil agus ar ócáidí eile nuair a bhíonn sin riachtanach. Bíonn sceideal foirmiúil ábhar i gceist a bhíonn forchoimeáda go sonrach dá athbhreithniú lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bhliantúla, buiséid, an plean corparáideach, éadálacha agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitil ollmhór, ceapacháin bhainisteoirí sinsearach agus polasaithe Grúpa ollmhóra. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa maidir le faisnéis bhainistíochta a thuiriscíú chuig an mBord ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag gach comhalta den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta.

Coistí Boird

Bunaítear coistí chun cuidiú leis an mBord a fhreagrachtaí a urscaoileadh. Tá na coistí comhdhéanta de Choiste Iniúchta (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Maoine agus Coiste Luach Saothair. Tá comhaltaí na gcoistí sin liostaithe ar leathanach 18.

An Coiste Iniúchta

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Iniúchta agus tá an coiste comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird neamhfheidhmeannacha. Tá dhá fholúntas faoi láthair. Buaileann an Coiste le chéile go tréimhsiúil le bainistíocht shinsearach an Ghrúpa, le hiniúcháirí seachtracha agus le Ceannasaí na hIniúcháireachta Inmheánaigh chun rialaithe inmheánacha an Ghrúpa, pleananna iniúchta inmheánacha agus seachtracha agus torthaí ina dhiaidh sin a athbhreithniú mar aon le polasaithe cuntasáochta a roghnú, tuarascáil iniúchta reachtúil, tuairiscíú airgeadais lena n-áirítear na cuntais iniúchta bhliantúla agus ábhair

ghaolmhara eile. Tá an Coiste Iniúchta freagrach freisin as neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúcháirí seachtracha a athbhreithniú agus nádúr agus cineál na hoibre neamhiniúchta a dhéantar a athbhreithniú lena chinntiú go mbeidh cothromaíocht cheart idir oibiachtúlacht agus éifeachtacht ó thaobh costais de. Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag na hiniúcháirí seachtracha agus ag Ceannasaí na hIniúcháireachta Inmheánaigh ar an gCoiste Iniúchta. Freastalaíonn iniúcháirí seachtracha ar chruinnithe an Choiste Iniúchta agus buaileann siad le chéile go bliantúil leis an gCoiste nuair nach mbíonn an bhainistíocht i láthair lena chinntiú nach mbeidh aon ábhair imní ann nach bhfuil socraithe.

An Coiste Airgeadais

Tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste. Tá folúntas amháin ar an gCoiste seo faoi láthair. Buaileann an Coiste le chéile leis an bPríomh-Oifigeach Airgeadais agus leis an mbainistíocht shinsearach ó na fochuideachtaí gach mí chun maoiniú cláir chaipitil an Ghrúpa a athbhreithniú, chun tosaíocht a thabhairt do thograí caiteachais caipitil na bhfochuideachtaí, do bhuiséid oibríochta agus caipitil bhliantúla agus do chistíocht, polasaí fála agus diúscairt an Ghrúpa. Athbhreithníonn an coiste straitéisí árachais agus airgeadais an Ghrúpa freisin. Tá sé de dhualgas ar an gCoiste freisin go gcumasaíonn córais faisnéise bainistíochta an Ghrúpa feidhmiú éifeachtach straitéisí airgeadais an Bhoird.

Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Tá an Bord freagrach go foriomlán as córais rialaithe airgeadais inmheánacha an Ghrúpa. Tá na córais sin leagtha amach chun dearbhú réasúnach a thabhairt in aghaidh mhíríteas ábhartha nó caillteanas agus níl siad leagtha amach chun dearbhú absalóideach a thabhairt.

Áirítear na nithe seo a leanas i gcórais rialaithe foriomlán an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochta a bheidh sainmhínithe go soiléir le teorainneacha údarais i scríbhinn, deighilt cuí dualgas agus meicníochtaí tuairiscithe chuig leibhéal bainistíochta níos airde, chuig boird na bhfochuideachtaí, chuig Coistí Boird agus chuig an mBord. Coimeádtar polasaithe mionsonraithe ar phríomhréimsí de riosca airgeadais lena n-áirítear riosca cistíochta.

- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus planála ina gcuirtear feidhmíocht iarbhíre i gcomparáid leis an mbuiséad réamhcheadaithe ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus déantar aon treochtaí suntasacha nó folúntais a imscrúdú. Scaiptear na tuarascálacha sin chuig an mBord ar bhonn míosúil chun athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Treoirilínte soiléire a bhunú chun caiteachas caipitil a cheadú agus a rialú. Áirítear orthusan buiséid chaipitil bhliantúla a a ullmhú arna cheadú ag an mBord i gcomhairle leis an Roinn Iompair, agus staidéir féidearthachta mionsonraithe agus breithmheasa ar thionscadail chaipitil suntasacha aonair sula gceadaítear sin ón leibhéal cuí den údarás (lena n-áirítear an Roinn Iompair maidir le tionscadail mhóra). Maidir le tionscadail chaipitil mhóra, ullmhaítear tuarascálacha dul chun rialta chuig an mbainistíocht agus chuig an bhfo-bhord iomchuí agus éilíonn gach tionscadal caipitil suntasach páipéar deiridh foirmiúil a thabhairt chun críche.
- Laistigh d'Iarnród Éireann, athbhreithníonn an Grúpa Comhairleach Infrastruchtúir, atá comhdhéanta de stiúrthóirí agus de bhainistíocht shinsearacha Iarnród Éireann araon, tograí tionscadail ar bhonn míosúil, glactar le próisis tairisceana agus meastóireachta agus cuirtear tionscadail chaipitil ollmhóra chun cinn i gcoinne tráthchláir tionscadail agus buiséid.

Athbhreithníonn Iníúchadh Inmheánach an Ghrúpa rialuithe inmheánacha go córasach, agus tá ról feadh an Ghrúpa acu. Sna athbhreithnithe sin, cuireann iníúchadh inmheánach béim ar réimsí lena mbaineann riosca ollmhór mar a aithnítear óna gcreat oibre anailíse riosca. Sainmhíonann cairt ceadaithe an Bhoird ról agus freagrachtaí na roinne iníúchta inmheánaigh. Tuairiscíonn Iníúchóir Inmheánach an Ghrúpa chuig an gCoiste Iníúchta.

D'athbhreithnigh an Bord tríd an gCoiste Iníúchta éifeachtach na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh trí na nithe seo a leanas:

- An clár iníúchta inmheánaigh a athbhreithniú (ullmhaithe i ndiaidh a bpróiseas measúnaithe riosca iníúchta) agus a bpríomhthorthaí a bhreithniú.
- Na príomhthorthaí d'aon imscrúduithe inmheánacha a bhreithniú.

- Tuarascáil an iníúchóra seachtrach a athbhreithniú ina bhfuil mionsonraí d'aon saincheisteanna rialaithe ábhartha a aithnítear mar thoradh ar a n-iníúchadh ar na ráitis airgeadais.

Tá próiseas Bainistiú Riosca Feadh an Fhiontair (EWRM) i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí rioscaí gnó ollmhóra lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibríochta, straitéiseacha, guaiseacha agus comhlíonta. Soláthróidh an próiseas sin dearbhú go n-aithneofar rioscaí ábhartha agus go nglacfar gníomhartha cuí. Tá Cláir Riosca Doiciméadaithe i bhfeidhm.

Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá polasaithe Chóras Iompair Éireann i ndáil le luach saothair chomhaltaí an Bhoird feidhmiúcháin i gcomhar le "Socruithe chun luach saothair na gComhlachtaí Stáit Tráchtála atá faoi choimirce na Roinne Fiontar Poiblí a bhreithniú", arna eisiúint i mí Iúil 1999. Is é an Cathaoirleach an t-aon chomhalta ar an mBord Feidhmiúcháin. Tá a luach saothair socraithe laistigh de raon atá breithnithe ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Iompair.

Luach Saothair na gComhaltaí eile

Breithníonn an tAire Iompair luach saothair na gcomhaltaí Boird eile go léir i ndáil lena ndualgais mar chomhaltaí an Bhoird. Ní fhaigheann siad pinsin dá ndualgais mar chomhaltaí Boird.

Tugtar luach saothair do chomhaltaí boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 freisin i gcomhar lena gconarthaí fostaíochta.

Gnóthas Leantach

Tá na comhaltaí Boird sásta go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó chomh fada agus is léir dúinn amach anseo. Mar gheall air sin, leanfar ag glacadh le bonn 'an ghnóthais leantaigh' agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Thar ceann an Bhoird

An Dr. J.J. Lynch Cathaoirleach
An tUasal P. Kiely Comhalta Boird

2 Meán Fómhair, 2009

Breithníonn an tAcht Iompair, 1950 agus leasuithe eile a rinneadh ina dhiaidh sin freagrachtaí chomhaltaí Bhoird Chóras Iompair Éireann. Ceanglaíonn an reachtaíocht sin ar na comhaltaí Boird a chinntiú go n-ullmhófar ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais, de réir dlí infheidhme na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasáochta, a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird na nithe seo a leanas a chinntiú:

- polasaithe cuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord lena ghnó.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar taifid chuntasaíochta chearta a nochtann le cruinneas réasúnach ag gach aon tráth seasamh airgeadais an Ghrúpa agus a chuirfidh ar a gcumas go gcloífidh na ráitis airgeadais le riachtanais an Achte Iompair, 1950 agus gach Rialachán a fhorléirítear mar aon ní amháin leis an Acht sin.

Tá siad freagrach freisin as céimeanna a ghlacadh atá oscailte go réasúnach dóibh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is iad na bearta a ghlac an Bord leo lena chinntiú go gcloítear lena oibleagáidí leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntais i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Breithnítear freagrachtaí stiúrthóirí fhochuideachtaí an Ghrúpa leis an Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 agus dlí cuideachta infheidhme.

Inár n-iníúcháirí arna gceapadh ag Grúpa Chóras Iompair Éireann agus na Máthairchuideachta faoi Alt 34 (2) den Acht Iompair, 1950 agus le do thoiliú, rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 25 go 56 a ullmhaíodh faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus ar na polasaithe cuntasáochta atá leagtha amach ar leathanaigh 25 go 27.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird agus na nIníúcháirí faoi Seach

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme in Éirinn mar aon le caighdeán chuntasaíochta arna eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn) mar atá leagtha amach ar leathanach 22 sa Ráiteas d'Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é an fhreagracht atá orainne inniúcháireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, don Aire Iompair, agus dósan amháin de réir Alt 34 (2)(a) den Acht Iompair, 1950 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscimid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de staid chúrsaí agus sreabhadh airgid an Ghrúpa de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn. Luaimid cibé an bhfuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá riachtanach chun críche ár n-iníúchta agus cibé an dtagann clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann leis na leabhair chuntais. Tuairiscimid freisin ár dtuairim cibé ar choimeád Córas Iompair Éireann leabhair chuntais chúí.

Tuairiscimid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus idirbhearta na gcomhaltaí sin,

agus nuair is indéanta sin, cuirfimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Léamar an fhaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá an fhaisnéis eile sin comhdhéanta de Ráiteas an Chathaoirligh agus an tAthbheithniú Oibríochta. Breithnímid dár dtuarascáil cibé an bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta agus na himpleachtaí má thugaimid faoi deara aon mhír áiteas d'healraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

Bunús leis an Tuairim Iniúcháireachta

Chuathas i mbun na hiniúcháireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúcháireachta. Déantar, mar chuid den iniúcháireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtáitear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne comhaltaí an Bhoird agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca an Ghrúpa agus na Cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhír áiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaos nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn, ar stáid chúrsaí Chóras Iompair Éireann agus an Ghrúpa amháin an 31 Nollaig, 2008 agus ar bharrachas agus sreabhadh airgid an Ghrúpa do dheireadh na bliana.

Tuarascáil na nIniúcháiní

Neamhspleách Chuig an Aire Iompair *(ar lean)*



Córas Iompair Éireann

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chúí á gcoimeád ag Córas Iompair Éireann. Tá clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann ag teacht leis na leabhair chuntais.

PricewaterhouseCoopers,

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháiní Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

2 Meán Fomhair, 2009.

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an nGrúpa:

(A) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta den Acht Iompair, 1950 agus Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsíú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

(B) Bunús Comhdhlúite

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a bhfochuideachtaí:

Iarnród Éireann

Bus Éireann

Bus Átha Cliath

Meastar CIE Tours International Incorporated mar bhrainte de Chóras Iompair Éireann do chríocha cuntasaíochta.

(C) Ioncam

Tá ioncam comhdhéanta d'oll-luach na seirbhísí a soláthraítear:

(D) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Tá bunús ríofa na rátaí dímheasa mar seo a leanas:

(i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá línte agus oibreacha iarnróid comhdhéanta de líonra córas. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra reatha, a choimeádann an cumas oibríochta de réir caighdeáin sainmhínte na seirbhíse, mar ábhar breise do na sócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ag costas tar éis deontais a asbhaint.

Is é an muirear dímheasa do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ná an leibhéal measta caiteachais bliantúil atá riachtanach chun cumas oibríochta an líonra a choimeád agus tá sin bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní Iarnród Éireann.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a ardaíonn a chumas nó a chuireann lena chumas oibríochta mar ábhar breise do na sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas a dhímheastar thar a saol úsáideach.

(ii) Rothra iarnróid

Dímheastar gluaisinnill (seachas iad sin a dímheastar go hiomlán nó a fhaightear gan costas), trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

Dímheastar carranna iarnróid, stoc cóiste agus vaigíní freisin, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair

Dímheastar costais stairiúla feithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saoil úsáideacha measta ar bhunús céatadáin atá ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí feadh a saoil. Dímheastar costais stairiúla busanna scoile trí thráthchodanna bliantúla comhionanna thar a saoil úsáideacha measta.

(iv) Feithiclí lastais bóthair

Dímheastar na hacmhainní sin ar an mbunús leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta trí úsáid a bhaint as suim an mhodh digití.

(v) Dugaí, calafoirt agus calaí; fearas agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Dímheastar ranganna na sócmhainní thuas, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

(vi) Talamh agus foirgnimh

Dímheastar foirgnimh, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar saol caoga bliain. Tá luach leabhair an talamh agus na bhfoirgneamh atá ar fáil le díol agus ar dóigh go ndíúsceofar iad sa chéad dhá mhí dhéag eile san áireamh in sócmhainní reatha mar is cuí.

(E) Sócmhainní ar Léas

(i) Léasanna airgeadais

Tá cuntas déanta ar sócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag cuntasú do Chonarthaí Léasanna agus Fruilcheannaigh). Tá costais chaipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó saol úsáideach na sócmhainne. Tá gnéithe caipitil na n-oibleagáidí cíosa amuigh san áireamh i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais sa chuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite thar príomhthréimhse an léasa.

(ii) Léasanna oibríochta

Muirearaítear iocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

(F) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is iú.

Discríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

(G) Oibleagáidí an Aontais Eorpaigh agus na Seirbhíse Poiblí agus Deontais Státchiste Eile

(i) Deontais do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha
Asbhaintear deontais a fhaightear do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ó chostais na sócmhainní gaolmhara.

Níl an polasaí sin de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ag costas agus dá réir deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha. Níltear ag cloí le riachtanais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 mar dar leis na mBord go bhfuil sé riachtanach go léireodh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom mar nach bhfuil saoil inbhraite ag na línte agus ag na hoibreacha iarnróid sin agus dá réir nach mbeadh aon bhunús ann trína n-athneofaí deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha.

(ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite sa bhliain a fhaightear iad.

(iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta

Amúchtar deontais infheistíochta sábháilteachta chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

(H) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníochta nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó cailteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche go Euro ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

Aistrítear iasachtaí airgeadra coigríche fadtéarmacha, lena n-áirítear an cion sin a bhíonn iníochta laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhardaithe, ag rátaí an mhalartaithe a bhíonn ag rialú ag dáta an chláir chomhardaithe (rátaí deiridh) agus beidh na gnóthachain agus na cailteanais san áireamh sa chuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite.

(I) Pinsin

Tomhastar sócmhainní na scéime pinsin sochair sainithe ag luach cóir. Tomhastar dliteanais na scéime pinsin sochair sainithe ar bhonn achtúire trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe. Cuirtear farasbarr dhliteanais na scéime thar sócmhainní na scéime i láthair ar an gclár comhardaithe mar dhliteanas. Tá an muirear pinsin a ghearrtar mar pháirt de bhrabúis oibríochta comhdhéanta de chostais seirbhíse reatha agus costais seirbhíse roimhe seo. Cuirtear farasbarr an toradh ionchais ar shócmhainní scéime thar an costas úis ar dhliteanais na scéime i láthair sa chuntas brabúis agus caillteanais mar ioncam airgeadais eile. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúire ó athruithe i mbonn tuisceana achtúire agus ó thaithí bharrachais agus easnaimh sa ráiteas de ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

(J) Costais Infrastruchtúr Iarnróid

De réir Treoir Chomhairle AE 91/440 éilítear ar Iarnród Éireann a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais don ghnó seirbhísí iompair agus iad sin don ghnó bainistíochta an infrastruchtúir iarnróid ar leithligh. Breithnítear na costais infrastruchtúir de réir Iarscríbhinn 1.A de Rialachán an AE Uimhir 2598/70.

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig	Nótaí	2008 €000	2007 €000
Ioncam	1	789,121	785,512
Costais			
Párolla agus costais ghaolmhara	3	(616,023)	(588,513)
Ábhair agus seirbhísí	4	(464,959)	(455,220)
Dímheas	5	(56,062)	(59,630)
Costais oibríochta eisceachtúla	6	(43,318)	(19,524)
Costais oibríochta iomlána		(1,180,362)	(1,122,887)
Easnamh roimh bhrabús ar dhiúsairt shócmhainní inlámhsithe ús agus Oibleagáidí/deontais Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar		(391,241)	(337,375)
Brabús ar dhiúsairt sócmhainní inlámhsithe	7	69,500	8,074
Easnamh roimh ús agus Oibleagáidí/deontais Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar		(321,741)	(329,301)
Ús infhaighte		5,356	4,897
Ús iníoctha – Infrastruchtúr Iarnróid	8	(2,707)	(3,219)
– Oibríochta	8	(1,508)	(1,817)
Ioncam airgeadais eile	22	9,700	7,800
Easnamh don bhliain roimh Oibleagáidí /deontais Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar		(310,900)	(321,640)
Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus deontais Stáitchiste eile	9	321,093	320,163
Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh scaoileadh soláthar		10,193	(1,477)
Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir		-	29,721
Barrachas don bhliain		10,193	28,244

Léirítear gluaiseachtaí sna cúlchistí i Nóta 20 leis na ráitis airgeadais.

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa.

Thar ceann an Bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach

An tUasal P. Kiely Comhalta Boird



Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig

	Nótaí	2008 €000	2007 €000
Barrachas don bhliain		10,193	28,244
(Cailteanas)/gnóthachan achtúireach i ndáil le scéimeanna pinsin	22	(422,600)	69,100
(Cailteanas)/gnóthachan aitheanta iomlána maidir leis an mbliain		(412,407)	97,344

Amhail an 31 Nollaig	Nótaí	2008 €000	2007 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	11	2,624,676	2,176,896
Sócmhainní airgeadais	12	20	20
		2,624,696	2,176,916
Sócmhainní reatha			
Stoic	13	54,172	44,889
Féichiúnaithe	14	178,486	199,775
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		59,632	49,625
		292,290	294,289
Creidiúnaithe (<i>méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</i>)	15	(495,477)	(400,641)
Glan-dlíteanais reatha		(203,187)	(106,352)
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		2,421,509	2,070,564
Creidiúnaithe (<i>méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin</i>)	16	(74,085)	(87,498)
Soláthairtí le haghaidh dlíteanas agus muirear	18	(190,202)	(172,095)
Dualgas sochair scoir	22	(567,600)	(162,800)
Ioncam iarchurtha	19	(1,881,306)	(1,527,448)
		(291,684)	120,723
Arna mhaoiniú ag:			
Cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Easnamh an chuntais bhrabúis agus chailteanais	20	(332,751)	79,656
Réamhíocaíochtaí Stáit neamh-aisíoctha		12,511	12,511
	20	(291,684)	120,723

Thar ceann an Bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach**An tUasal P. Kiely** Comhalta Boid

Amhail an 31 Nollaig	Nótaí	2008 €000	2007 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	11	722,496	583,428
Sócmhainní airgeadais	12	284,177	289,583
		1,006,673	873,011
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	14	64,303	77,378
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		58,859	47,765
		123,162	125,143
Creidiúnaithe (<i>méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</i>)	15	(311,132)	(291,459)
Glan-dlíteanais reatha		(187,970)	(166,316)
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		818,703	706,695
Creidiúnaithe (<i>méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin</i>)	16	(74,085)	(87,498)
Ioncam iarchurtha	19	(476,128)	(385,197)
		268,490	234,000
Arna mhaoiniú ag:			
Cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailiteanais	20	227,423	192,933
Réamhíocaíochtaí Stáit neamh-aisíochta		12,511	12,511
	20	268,490	234,000

Thar ceann an Bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach**An tUasal P. Kiely** Comhalta Boid

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig	Nótaí	2008 €000	2007 €000
Glan-Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	21(A)	97,563	109,826
Aischor ar infheistíochtaí, seirbhísiú airgeadais agus ioncam airgeadais eile	21(B)	1,141	114
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	21(B)	(78,231)	(84,674)
Insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtaithe agus maoiniú		20,473	25,266
Maoiniú – laghdú ar fhiacha	21(B)	(13,596)	(13,503)
Ardú ar airgead tirim sa bhliain		6,877	11,763
Réiteach glan-insreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanfhiacha (nóta 21c)			
Ardú ar airgead tirim sa bhliain		6,877	11,763
Gluaiseacht airgid ó laghdú ar fhiacha agus maoiniú léasa		13,596	13,503
Athrú ar ghlanfhiacha mar thoradh ar shreabhadh airgid		20,473	25,266
Gluaiseacht i nglanfhiacha sa bhliain		20,473	25,266
Glan-fhiacha amhail an 1 Eanáir		(68,751)	(94,017)
Glan-fhiacha amhail an 31 Nollaig		(48,278)	(68,751)

1. BRABÚS AGUS CAILTEANAS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG

	Comh- dhlúthú FRS 17 €000	CIÉ €000	Iarnród Éireann €000	Bus Éireann €000	Bus Átha Cliath €000	Iomlán 2008 €000	Iomlán 2007 €000
Ioncam:							
Iarnród							
- Rannán iarnróid bruachbhailte			57,221			57,221	55,833
- Rannán iarnróid an phríomhlíne			150,799			150,799	143,031
			208,020			208,020	198,864
Lastas bóthair			1,594			1,594	19,269
Calafort Ros Láir			11,862			11,862	12,117
Seirbhísí paisinéirí bóthair							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					203,668	203,668	200,364
- Cathracha cúige				25,042		25,042	24,500
- Seirbhísí eile				274,634		274,634	258,448
Turais		49,416				49,416	57,135
Gníomhaíochtaí gnó lárnacha		14,885				14,885	14,815
Ioncam iomlán		64,301	221,476	299,676	203,668	789,121	785,512
Caiteachas:							
Iarnród							
- Rannán iarnróid bruachbhailte:							
Costais oibríochta			77,718			77,718	74,002
Costais infrastruchtúir			47,093			47,093	39,288
- Rannán iarnróid an phríomhlíne:							
Costais oibríochta			221,590			221,590	209,342
Costais infrastruchtúir			171,620			171,620	158,141
			518,021			518,021	480,773
Lastas bóthair			1,503			1,503	19,390
Calafort Ros Láir			8,708			8,708	8,178
Seirbhísí paisinéirí bóthair							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					307,285	307,285	286,428
- Cathracha cúige				47,809		47,809	40,945
- Seirbhísí eile				300,416		300,416	277,472
Turais		49,286				49,286	56,125
Gníomhaíochtaí gnó lárnacha	(8,100)	17,856				9,756	22,827
Caiteachas iomlán	(8,100)	67,142	528,232	348,225	307,285	1,242,784	1,192,138

1. BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG *(ar lean)*

	Comh- dhlúthú FRS 17 €000	CIÉ €000	Iarnród Éireann €000	Bus Éireann €000	Bus Átha Cliath €000	Iomlán 2008 €000	Iomlán 2007 €000
Barrachas/(easnamh) trí gníomhaireachta:							
Iarnród							
- Rannán iarnróid bruchbhailte			(67,590)			(67,590)	(57,457)
- Rannán iarnróid an phríomhlíne			(242,411)			(242,411)	(224,452)
			(310,001)			(310,001)	(281,909)
Lastas bóthair			91			91	(121)
Calafort Ros Láir			3,154			3,154	3,939
Seirbhísí paisinéirí bóthair							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					(103,617)	(103,617)	(86,064)
- Cathracha cúige				(22,767)		(22,767)	(16,445)
- Seirbhísí eile				(25,782)		(25,782)	(19,024)
Turais		130				130	1,010
Gníomhaíochtaí gnó lárnacha	8,100	(2,971)				5,129	(8,012)
Barrachas/(easnamh) oibríochta roimh ús, brabús are dhiúscairtí, deontais Stáit agus eisceachtaí	8,100	(2,841)	(306,756)	(48,549)	(103,617)	(453,663)	(406,626)
Ús infhaighte/(iníochta)		761	(4,194)	1,840	2,734	1,141	(139)
Ioncam airgeadais eile <i>(nóta 22)</i>	9,700					9,700	7,800
Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir		-	-	-	-	-	29,721
Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe <i>(nóta 7)</i>		66,721	1,441	(149)	1,487	69,500	8,074
Barrachas/(easnamh) roimh deontais Stáit, rannaíocht ó mháthair cuideachta agus eisceachtaí	17,800	64,641	(309,509)	(46,858)	(99,396)	(373,322)	(361,170)
Deontais stáit							
- oibríochtúil			83,826	41,846	85,629	211,301	207,017
- infrastruchtúr <i>(nóta 9)</i>			215,532			215,532	201,921
Ranníocaíocht ó mháthairchuideachta		(10,000)	10,000	-	-	-	-
Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh eisceachtaí	17,800	54,641	(151)	(5,012)	(13,767)	53,511	47,768
Costais oibríochta eisceachtúla <i>(nóta 6)</i>		(20,151)	(18,910)	(3,080)	(1,177)	(43,318)	(19,524)
Glan-barrachas/(easnamh) don bhliain	17,800	34,490	(19,061)	(8,092)	(14,944)	10,193	28,244

2. COSTAIS INFRASTRUCHTÚR IARNRÓID

	2008 €000	2007 €000
Ríomhadh na costais seo ag comhlíonadh Treoir Chomhairle AE 91/440 mar seo a leanas:		
Línte agus oibreacha iarnróid a chothabháil	78,891	74,099
Línte agus oibreacha iarnróid a athnuachan	105,740	88,775
Speansais oibríochta (comharthaíocht) agus speansais eile	25,181	26,289
Dímheas <i>(nóta 11 [f])</i>	25,885	19,946
Deontais chapitil a amúchadh	(16,984)	(11,680)
Costais infrastruchtúr iarnróid iomlána	218,713	197,429
Fóirdheontas infrastruchtúir	(107,098)	(109,203)
Maoiniú sábháilteachta státchiste	(2,694)	(3,943)
Maoiniú athnuachana <i>(nóta 11 [a])</i>	(105,740)	(88,775)
	(215,532)	(201,921)
Barrachas/(easnamh) don bhliain	3,181	(4,492)
Cionroinnt costais:		
Rannán iarnróid an phríomhlíne	171,620	158,141
Rannán iarnróid bruachbhailte	47,093	39,288
	218,713	197,429

3. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

	2008 €000	2007 €000
Costais foirne		
Pá agus tuarastail	581,818	545,563
Costais leasa shóisialaigh	49,753	46,583
Costais phinsin eile	44,971	53,005
	676,542	645,151
Obair chaipitlithe na cuideachta féin	(61,160)	(57,295)
Glan-chostais foirne	615,382	587,856
Luach saothair na gcomhaltaí Boird agus díolachtaí		
- do sheirbhísí mar chomhaltaí Boird	155	200
- do sheirbhísí eile	486	457
Luach saothair agus díolaíochtaí na gcomhaltaí Boird	641	657
Párolla agus costais ghaolmhara iomlána	616,023	588,513

Áirítear i luach saothair na gcomhaltaí Boird €239,602 (2007 - €237,950) a íocadh leis an Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach Feidhmiúcháin do sheirbhísí eile. Ba €202,950 an suim i 2007 do sheirbhísí eile móide €35,000 do tháillí na gcomhaltaí Boird.

	An Líon Foirne	
	2008	2007
Seo a leanas an meán líon daoine atá fostaithe ag an gcuideachta:		
CIÉ	280	282
Iarnród Éireann	4,906	4,985
Bus Éireann	2,837	2,784
Bus Átha Cliath	3,825	3,650
	11,848	11,701

4. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

	2008 €000	2007 €000
Áirítear sna ábhair agus sna seirbhísí:		
Luach saothar na niniúchóirí	259	247
Cíosanna léasa oibríochta	5,499	5,292
Deontais ioncaim <i>(nóta 19)</i>	(2,782)	(4,363)

5. DÍMHEAS

	2008 €000	2007 €000
Dímheas (nóta 11)	171,907	146,182
Deontais chapitil a amúchadh (nóta 19)	(115,845)	(86,552)
	56,062	59,630

6. COSTAIS OIBRÍOCHTA EISCEACTÚLA

	2008 €000	2007 €000
Athstruchtúrú gnó	(43,318)	(19,524)

Mar chuid dá bPlean Airgeadais, thug Iarnród Éireann isteach clár maidir le scaoileadh deonach agus luath-scoir. €18.9 milliún an costas measta i 2008 lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí agus costais eile maidir leis an gclár. Thabhaigh Bus Éireann €1.1 milliún freisin, Bus Átha Cliath 1.2 milliún agus CIE €20.1 milliún i ndáil le hathstruchtúrú gnó.

Tá €2.0 milliún do fhíneála cúirte díolta ag Bus Éireann bainteach le timpiste Bhaile an Cheantaigh san áireamh i Míreanna Eisceachtúil freisin.

7. BRABÚS AR DHIÚSCAIRT SHÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

	2008 €000	2007 €000
Glan-ghnóthachan ar dhíol talún agus foirgnimh barrachais	66,721	6,791
